

[14 02.wmv](#)

**Bileog 14.2**

**Foinse:** TG4

**Clár:** Nuacht TG4

**Dáta:** 09 Márta 2009

**Intreoir:** Seo thíos ceithre cheannlíne nuachta.

**Eimear Ní Chonaola**

**Mír 1**

Bail ó Dhia oraibh. Ba iad Mark Quinsey, trí bliana fichead, as Birmingham, agus Patrick Azimkar, bliain is fiche, as Londain, an bheirt saighdiúirí a maraíodh nuair a d'ionsaigh an fíor-IRA bunáit mhíleata de chuid Arm na Breataine i mBaile Aontroma arú aréir. Dúirt Príomh-Aire na Breataine, Gordon Brown, agus é i dTuaisceart Éireann inniu go bhfuil an dul chun cinn atá déanta i gcúrsaí síochána le roinnt blianta anuas daingean go fóill. Dúirt an Taoiseach go ndéanfaí gach is féidir leis na dúnmharfóirí a thabhairt os comhair cúirte. Tá an mórsceal ag Áine Ní Ghallchóir.

**Mír 2**

Tá éiginnteacht faoi shonraí na gciorroithe do €5 milliún atá déanta ar bhuiséad chúnamh forbartha thar lear an rialtais ag cur isteach go mór ar charthanachtaí a bhíonn ag obair sa tríú domhan. Tá inní ar chuid acu gur tuilleadh ciorroithe atá amach rompu anois ag tús na míosa seo chugainn. Tá tuilleadh faoin scéal ag Áine Lally.

**Mír 3**

Tá tiománaithe tacsaithe ar buile tar éis do thuarascáil neamhspleách a rá nach bhfuil aon ghá teorainn a chur le heisiúint ceadúnas nua. Deir an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an rialálaí tacsáí inniu nach bhfuil fianaise ar bith ann go bhfuil laghdú tagtha ar ioncam tiománaithe tacsáí. Tá ionadaí thar ceann lucht na dtacsaithe ag iarraidh ar an Aire Iompair gan glacadh leis an tuarascáil. Deir siad go bhfuil an t-eolas atá sa tuarascáil as dáta. Léiríonn an tuarascáil eacnamaíochta a rinne *Goodbody* go bhfuil seirbhís níos fearr ar fáil don phobal de bharr dírialú ceadúnas tacsáí agus go bhfuil ardú tagtha ar éileamh ar thacsaithe (*ar tacsaithe* a deirtear). Dúirt siad go bhfuil ar thiománaithe uaireanta níos faide a oibriú, ar an meán caoga is a dó uair a chloig sa tseachtain.

**Mír 4**

Tá Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann ag iarraidh ar dhaoine fuil a thabhairt de bharr easpa fola faoi láthair. Teastaíonn trí mhíle aonad fola chuile sheachtain le stór fola a chur ar fáil d'otharlanna na hÉireann. Labhair Áine Ní Bhreisleáin le daoine i gclinic fola i nGaoth Dobhair, i gContae Dhún na nGall, faoin tábhacht a bhaineann leis an tseirbhís fuilistriúcháin.

[14 05a.wmv](#)

**Bileog 14.5a**

**Foinse:** TG4

**Clár:** Réamhaisnéis na haimsire

**Dáta:** 27 Márta 2009

**Intreoir:** Aoife Ní Thuairisg ag tuar na haimsire.

**Aoife Ní Thuairisg**

Tá muid ag tosú amach anseo leis an aimsir inniu i mBaile na hAbhann. Ar maidin bhí goimh fuachta (*goimh fhuachta* a deirtear) san aer, bhí sé gruama, chonaic muid múiríní báistí. Ach ansin, níos deireanaí tráthnóna d'fheabhsaigh sé agus d'éirigh sé níos gile agus an aimsir i bhfad níos deise an taobh seo tíre.

Anois díreoidh muid isteach ar chúrsaí aimsire - a bhfuil geallta anocht agus amárach. Anocht - neart múiríní faraor, agus brat gruama báistí os cionn na tíre agus an aimsir is measa sa leath thoir den tír agus corrmhúr fánach freisin anseo le cósta thiar na tíre moch ar maidin amárach agus ansin amach sa lá é geallta gruama go maith agus b'fhéidir corrmhúr trom in áiteanna, ach neart brádán agus salachar báistí geallta tráthnóna amárach.

San oíche amárach ansin, bhuel, ag tosú amach tirim agus beagáinín scamallach le cósta thiar na tíre ach brat báistí ag teacht isteach le cósta an iarthair tráthnóna amárach agus fágfaidh sé sin drochaimsir againn trasna na tíre.

Anocht ansin, an teocht idir 5 chéim agus 10 gcéim *Celsius* atá geallta, beidh sé gaofar agus goimh fuachta san aer arís anocht. An ghaoth sin ag séideadh aduaidh os cionn na tíre, geallta feannta go maith.

Amárach an teocht idir 7 gcéim agus 8 gcéim ar maidin. Ardóidh sé go dtí b'fhéidir trí chéim déag *Celsius* tráthnóna. Ní mórán é sin ach ar a laghad ní bheidh puth gaoithe ann. Agus ansin san oíche amárach idir 6 chéim agus 9 gcéim *Celsius* atá geallta, ach an teocht ag titim b'fhéidir beagáinín níos ísle istigh i lár tíre, idir 3 chéim agus 4 chéim *Celsius*. Mar sin ag aireachtáil sách fuar san oíche amárach.

Amárach ag an meán lae mar sin, an teocht idir 7 gcéim agus 10 gcéim nó dhá chéim déag *Celsius*. Múiríní báistí geallta le cósta agus gaoth fheannta ag séideadh trasna na tíre le cósta ach go háirithe, ach lag go maith istigh i lár tíre. Sin agaibh tuar na haimsire agus faraor ní haon dea-scéala é ach tá sé geallta scamallach go maith ar feadh an chéad chúpla lá eile, agus neart salachar báistí agus go deimhin san oíche amárach, brat trom báistí ag teacht os cionn na tíre agus á lorg ó cheann ceann na tíre Déardaoin agus drochaimsir geallta. Sin agaibh tuar na haimsire, tá tuilleadh eolais le fáil ar an suíomh idirlín ag TG4.ie.